Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2021**
**(OR. en)**

**7301/21**

**SOC 154**
**EMPL 110**
**ECOFIN 273**
**EDUC 98**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 6240/1/21 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021 (8 Márta) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021, mar a formheasadh iad leis an nós imeachta i scríbhinn an 8 Márta 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021**

1. Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur aisiompaigh paindéim COVID-19 treocht dhearfach sé bliana i bhfás na fostaíochta agus gur chuir sí isteach go mór ar thorthaí i margaí saothair an Aontais. Mar gheall air sin, meastar go dtiocfaidh méadú ar an mbochtaineacht agus ar éagothromaíochtaí agus go gcuirfear bac ar chomhtháthú sóisialta. Bhí tionchar díréireach ar oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail fostaithe sealadacha, ar dhaoine óga, ar dhaoine de bhunadh imirceach, oibrithe in earnálacha an fháilteachais, na turasóireachta, an chultúir agus na siamsaíochta, agus ar roinnt gníomhaíochtaí gairmiúla.

2. AG CUR IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI an fhreagairt ghasta chinntitheach ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe an tacaíocht shuntasach cistithe a slógadh do scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus bearta eile atá ceaptha chun an fhostaíocht a chaomhnú agus caillteanas ioncaim a theorannú. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI rannchuidiú na hIonstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE). AG CUR IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta sa chomhthéacs sin agus na hiarrachtaí atá déanta ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun tacú leo siúd is leochailí.

3. Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir leis na gnéithe fostaíochta agus sóisialta den Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2021 agus go háirithe go bhfuil an Seimeastar Eorpach fós ina uirlis éifeachtach chun an comhleanúnachas a áirithiú i gcláir oibre na mBallstát don athchóiriú, agus gur cheart go leanfadh colún Eorpach na gceart sóisialta de bheith mar shlat tomhais do chóineasú aníos i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr san Eoraip, agus comhordú na mbeartas fostaíochta agus sóisialta á stiúradh ar leibhéal an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach.

4. Á CHUR I dTREIS go gcuirfear tacaíocht airgeadais ar mhórscála ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh tacú le cruthú post agus geilleagair, sochaithe agus córais sláinte an Aontais a dhéanamh níos athléimní agus níos ullmhaithe don t-aistriú glas agus don t-aistriú digiteach, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin infheistíocht i ndaoine agus dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta.

5. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go gcuirtear ar chumas na mBallstát, leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021, lena ndéantar faireachán ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus lena gcuirtear i láthair na torthaí ón Scórchlár Sóisialta a ghabhann le colún Eorpach na gceart sóisialta, réimsí tosaíochta ábhartha a shainaithint le haghaidh athchóirithe agus infheistíochta, i bhfianaise na tacaíochta ó chistiú ón Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid nua Téarnaimh agus Athléimneachta.

6. Á ADMHÁIL DI gur trí scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus bearta eile ceaptha chun an fhostaíocht a chaomhnú a ghlacadh go pras, agus le laghdú i rátaí gníomhaíochta, cuireadh teorainn leis an méadú ar an ráta dífhostaíochta ó thosaigh ráig COVID-19. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur cheart go bhfanfadh scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus bearta comhchosúla i bhfeidhm fad is atá gá leo. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur cheart go dtacódh beartais, a luaithe is féidir, le hathdháileadh an lucht saothair (e.g. trí scéimeanna uas-scilithe/athscilithe agus dreasachtaí fruilithe dea-cheaptha), go háirithe i dtreo an gheilleagair ghlais agus an gheilleagair dhigitigh, agus oibrithe á gcosaint le linn aistrithe freisin. Á THABHAIRT DÁ hAIRE a ríthábhachtaí atá sé sochair dhífhostaíochta leordhóthanacha ar feadh tréimhse réasúnta a sholáthar a bhfuil rochtain ag gach duine dífhostaithe orthu, lena n-áirítear iad siúd a bhí fostaithe roimhe seo ar chonarthaí neamhchaighdeánacha, chun tacú le cuardaitheoirí poist le linn aistrithe.

7. Á CHUR I dTREIS go bhfuil beartais gníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair ríthábhachtach chun tacú le téarnamh cóir agus cuimsitheach. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá athchóirithe agus infheistíocht i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus i Seirbhísí Poiblí Fostaíochta chun cúnamh éifeachtach aonair a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist, lena n-áirítear trí réitigh dhigiteacha agus tríd an tacaíocht sin a chomhcheangal le seirbhísí sóisialta agus sláinte.

8. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil tionchar díréireach ag paindéim COVID-19 ar ghrúpaí leochaileacha mar gheall ar chúinsí áirithe, an bhearna scileanna digiteacha san áireamh. Á CHUR I dTREIS go bhféadfaí staid na ndaoine is leochailí a chosaint agus a fheabhsú le beartais spriocdhírithe maidir leis an margadh saothair, cuimsiú gníomhach agus bearta oideachais agus oiliúna.

9. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an méadú suntasach atá tagtha ar dhífhostaíocht i measc na hóige agus ar líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna, rud ar dócha go mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar a n-ionchais sa mhargadh saothair. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI nár mhór dlús a chur le hathchóirithe agus le hinfheistíocht i Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, chomh maith le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus córais oideachais agus oiliúna, d'fhonn freagairtí comhtháite beartais a chur ar fáil do dhaoine óga agus cur lena gcuid scileanna, lena n-áirítear trí thacú le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Á ADMHÁIL DI gur féidir cuidiú go mór le dlús a chur leis an tacaíocht chuimsitheach fostaíochta atá ar fáil do dhaoine óga tríd an Moladh ón gComhairle dar teideal '*A bridge to jobs – reinforcing the youth guarantee*' [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] a chur chun feidhme.

10. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun deireadh a chur leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní agus leis an mbearna phá idir na hinscní, agus gur measa na rioscaí do mhná in earnálacha agus i ngairmeacha a bhfuil pá íseal ag baint leo mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19. Á CHUR I dTREIS go bhféadfaí, i ndáil leis an méid sin, rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú trí athchóirithe agus trí infheistíocht, go háirithe in oideachas agus cúram na luath-óige, seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, beartais maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus trédhearcacht pá, agus trí choigeartuithe ar na córais chánach agus sochair chun aghaidh a thabhairt ar dhídhreasachtaí maidir le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair.

11. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go bhfuil sé ríthábhachtach cosc a chur ar chaidrimh fostaíochta a n-eascraíonn dálaí oibre forbhásacha astu agus na dreasachtaí cearta a chur ar fáil chun daoine a fhostú ar chonarthaí buana, agus pá íosta leordhóthanach agus rochtain ar chosaint shóisialta á gcur chun cinn, chun deighilt mhargadh an tsaothair a laghdú, dálaí oibre cothroma a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht lucht oibre. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallachtaí sábháilte agus dea-oiriúnaithe agus socruithe solúbtha oibre lena dtacaítear le hoibrithe agus lena ndíspreagtar obair neamhdhearbhaithe, go háirithe i bhfianaise na géarchéime.

12. Á ADMHÁIL DI go raibh an comhairliúchán a rinne na comhpháirtithe sóisialta mar chuid den fhreagairt ar an ngéarchéim láidir fós sna Ballstáit sin a raibh struchtúir dea-fhorbartha acu cheana féin don idirphlé sóisialta, ach go raibh rannpháirtíocht theoranta na gcomhpháirtithe sóisialta i gcuid de na Ballstáit eile – a bhí teoranta ar aon nós sular tharla an éigeandáil sláinte – dulta in olcas ó tharla an ghéarchéim. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI nach beag de rannchuidiú le freagairtí beartais éifeachtacha agus leis an téarnamh eacnamaíoch is féidir leis an idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a thabhairt i dtaca le dearadh agus cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

13. Á ADMHÁIL DI gur mór an dúshlán fós a laghad rannpháirtíocht agus na drochthorthaí a bhíonn ag leanaí agus daoine óga ó ghrúpaí socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste san oideachas agus san oiliúint, agus go bhféadfadh sé go bhfágfaí tionchar fadtéarmach ar a rannpháirtíocht sa tsochaí, ar a n-imeascadh i margadh an tsaothair agus ar a n-ionchais ghairme. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhféadfadh sé gur measa na míbhuntáistí sin i ngeall ar an gcianfhoghlaim a tugadh isteach le linn na dianghlasála. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur constaic mhór roimh an infheistíocht an ganntanas foirne oilte, agus go nglacann daoine fásta a bhfuil cáilíochtaí níos ísle acu páirt i bhfad níos lú san fhoghlaim, cé gur uathu siúd is géire a theastaíonn a leithéid. Á THABHAIRT DÁ hAIRE an ganntanas leanúnach – go háirithe i measc na mban – i dtaca le hardscileanna digiteacha. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur den réamhriachtanas an uas-sciliú agus an athsciliú, go háirithe sna scileanna digiteacha agus glasa, lena n-áirítear do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, i dteannta le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí chun rochtain ar oideachas agus oiliúint a fheabhsú agus chun éagothromaíochtaí san oideachas a laghdú, chun tacú leis na haistrithe digiteacha agus glasa agus chun an fás cuimsitheach inbhuanaithe a chothú.

14. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go raibh titim arís in 2019 sna rátaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, fiú más moille ná mar a bhí sna blianta roimhe sin a bhí an titim sin. Á ADMHÁIL DI gur dócha go bhfágfaidh géarchéim COVID-19, agus an t-ardú dífhostaíochta agus neamhghníomhachta is minic lena leithéid, drochlorg ar an ráta bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

15. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go mbíonn ról ríthábhachtach ag cosaint ioncaim íosta, mar aon le seirbhísí gníomhachtúcháin agus cumasúcháin, chun maolú a dhéanamh ar an mbaol atá ann le linn na géarchéime seo go dtarlóidh bochtaineacht agus eisiamh sóisialta; dá bhrí sin, is mian léi tacú anois agus feasta leo siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI nach mór aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann faoi láthair maidir le hinrochtaineacht, leordhóthanacht agus soláthar seirbhísí cumasúcháin i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcosaint ioncaim íosta a neartú chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh.

16. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gurb ann fós don éagothroime ioncaim mar mhórdhúshlán ar fud an Aontais. Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur mó de mhéadú atá tagtha ar an éagothroime ioncaim le blianta beaga anuas ar chiseal íochtair ná ar chiseal uachtair an dáilte ioncaim. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur dócha, in ainneoin na mbeart a glacadh, gur in olcas a rachaidh gach cineál éagothromaíochta i ngeall ar an ngéarchéim. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI má táthar le héagothromaíochtaí ioncaim a ghleic go dteastóidh athchóirithe i réimsí éagsúla beartais, lena n-áirítear dearadh córas cánach agus sochair, sásraí socraithe pá, an uilechuimsitheacht san oideachas agus oiliúint (ón gcéad lá i leith), agus rochtain do chách ar sheirbhísí inacmhainne ardchaighdeáin. Á MHEABHRÚ DI gur cheart fócas níos mó ar mheasúnú na n-éifeachtaí dáileacháin a bheith ag gabháil leis na hathchóirithe beartais, lena n-áirítear i ndáil le beartais a thacaíonn leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

17. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go bhfuiltear ag tuar go bhfágfaidh an ghéarchéim lorg díréireach ar ghrúpaí leochaileacha áirithe, go háirithe leanaí, daoine atá faoi mhíchumas, an seandream, agus iad siúd de bhunadh imirceach. Á MHEABHRÚ DI ardráta dianseasmhach na bochtaineachta leanaí agus an eisiaimh shóisialta ar fud an Aontais. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go bhfuil soláthar an oideachais agus an chúraim luath-óige, an tithíocht, agus an cúram sláinte ar na príomhthosca i gcosc agus i gcomhrac na bochtaineachta agus i gcur chun cinn na folláine i measc leanaí. Á CHUR I dTÁBHACHT DI an gá atá leis an oideachas cuimsitheach, leis an rochtain ar chúram sláinte, agus le beartais chuimsitheacha do mhargadh an tsaothair agus iad cuí-oiriúnaithe dá riachtanais siúd atá faoi mhíchumas. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go dteastaíonn cur chuige comhtháite má táthar chun imircigh agus daoine de bhunadh imirceach a lánpháirtiú, cur chuige ina nascfar feabhsú na hoiliúna agus scileanna le deiseanna fostaíochta agus le rochtain ar sheirbhísí, go háirithe an tacaíocht shóisialta, cúram sláinte agus tithíocht.

18. Á AITHINT DI an tionchar tromchúiseach atá ag an ngéarchéim orthu siúd atá gan dídean agus orthu siúd atá i mbaol eisiaimh tithíochta. Á MHEABHRÚ DI gur cheart cur chuige comhtháite lena n-áirítear cosc, mear-rochtain ar bhuantithíocht, nó tacaíocht tithíochta, agus soláthar seirbhísí tacaíochta cumasúcháin a cheangal le hinfheistíochtaí i dtithíocht chónaithe agus shóisialta chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar dhúshlán na heaspa dídine agus an eisiaimh tithíochta.

19. Á ADMHÁIL DI na dúshláin a bhaineann leis an ngéarchéim reatha do na córais chosanta sóisialta, go háirithe maidir lena gcumas ioncam leordhóthanach agus rochtain ar sheirbhísí inacmhainne ardcháilíochta a áirithiú do lucht an ghátair. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur gá cosaint shóisialta na n-oibrithe féinfhostaithe agus neamhchaighdeánacha a fheabhsú a thuilleadh, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta.

20. Á AITHINT DI go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis a thabhairt chun suntais nach mór na córais sláinte a neartú, a n-éifeachtacht agus a n-athléimneacht a fheabhsú, agus rochtain ar chúram sláinte leordhóthanach a áirithiú. Á THABHAIRT DÁ hAIRE nach mór tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i lucht saothair dea-oilte, feabhas ar an gcomhordú idir cúram othar cónaithe, cúram othar seachtrach agus cúram príomhúil, agus i gcur chun cinn na sláinte agus cosc galar má táthar leis na córais sláinte a dhéanamh níos athléimní in aghaidh éigeandálaí sláinte agus na héagothromaíochtaí ó thaobh torthaí sláinte de a laghdú.

21. Á AITHINT DI go bhfuil sé léirithe ag paindéim COVID-19 freisin nach mór athléimneacht na gcóras cúraim fhadtéarmaigh a mhéadú. Á ADMHÁIL DI gur cheart tús áite a thabhairt don rochtain ar chúram fadtéarmach leordhóthanach inacmhainne ardchaighdeáin – go háirithe cúram baile agus seirbhísí pobail, mar aon le tacaíocht do chúramóirí neamhfhoirmiúla agus bearta coisctheacha chun an t-éileamh ar chúram fadtéarmach a laghdú – ó tharla daonra na hEorpa ag dul in aois, ó tharla nach mór rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú agus nach mór gníomhú i gcoinne na n-easnamh a chonacthas i ngeall ar an ngéarchéim i soláthar an chúraim.

22. Á THABHAIRT DÁ hAIRE, i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh, gur cheart d'athchóirithe pinsin, a dhírigh ar fheabhas a chur ar leordhóthanacht, inbhuanaitheacht agus cuimsitheacht na gcóras pinsean, leanúint ar aghaidh. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur cheart tacú leis na hathchóirithe sin trí bhíthin straitéisí um aosú gníomhach agus bearta eile lena gcothaítear saol oibre níos faide, agus trí bhíthin beartais darb aidhm an bhearna phinsin idir na hinscní agus an bhearna phinsin d'oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre a laghdú.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

23. IARRANN SÍ ar na Ballstáit – i gcomhréir lena n-inniúlachtaí féin, na cúinsí náisiúnta á gcur san áireamh acu agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta – gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an bhfostaíocht, le scileanna, agus leis an mbeartas sóisialta a sainaithníodh i dTuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta 2021, agus i bhfianaise na tacaíochta a d'fhéadfadh acmhainní an Aontais a thabhairt, lena n-áirítear an tSaoráid nua Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistiú an bheartais comhtháthaithe.

24. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leas a bhaint as fianaise arna soláthar ag uirlisí faireacháin comhaontaithe, amhail an Scórchlár Sóisialta, an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta, mar aon leis na creataí tagarmharcála, mar threoir do na hathchóirithe agus don infheistíocht, agus leanúint orthu ionsar cóineasú aníos.

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a mheas go hiomchuí agus beartais an Aontais agus beartais na mBallstát á measúnú, go háirithe i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach oiriúnaithe 2021 agus na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún teagmháil a dhéanamh leis an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) i gcomhthéacs a phlean gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta nach fada uainn, d'fhonn príomhspriocanna an Aontais a fhorbairt go comhpháirteach agus uirlisí faireacháin a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe an Scórchlár Sóisialta, chun go mbeidh ann creat straitéiseach uaillmhianach do bheartais fostaíochta agus shóisialta do na deich mbliana atá romhainn.